2025/909

16.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/909 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Bealtaine 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207 ón gCoimisiún maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Ghréig

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3081)

(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair, tá baol suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Chun aghaidh a thabhairt ar ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar sa Ghréig, ar tugadh fógra ina leith i mí Lúnasa 2024, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207 ón gCoimisiún ([4]) ina leagtar síos bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar sin sa Ghréig. Go háirithe, déantar foráil leis maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(5) Ó rinneadh an leasú deireanach ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi 5 ráig nua den bholgach caorach agus den bholgach gabhar, a tuairiscíodh idir an 28 Aibreán agus an 5 Bealtaine 2025 i mbunaíochtaí ina raibh ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ar coimeád, in aonad réigiúnach Chalkidiki.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207 ón gCoimisiún an 29 Lúnasa 2024 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Ghréig (IO L, 2024/2207, 30.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2207/oj).

(6) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise le haghaidh na Gréige san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207, chomh maith le fad na mbeart is infheidhme iontu, ba cheart iad a choigeartú chun leathadh breise an ghalair sa Ghréig nó sa chuid eile den Aontas a chosc. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(7) Tá méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le rogha mhéid na gcriosanna cosanta, faireachais agus srianta breise, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, áirítear breithniú ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus ní hamháin sin ach ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar ar chríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann an galar sin freisin, chomh maith leis an leibhéal riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair. Cuireadh san áireamh freisin caighdeáin idirnáisiúnta an Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe ([5]) agus fad na mbeart á chinneadh. Sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá riosca ard ann go leathfaidh an galar a thuilleadh. Deimhníodh an galar in aonad réigiúnach Chalkidiki, lasmuigh de theorainneacha na gcriosanna srianta atá bunaithe sa Ghréig faoi láthair, rud a thugann le fios go bhfuil an galar fós ag scaipeadh, in ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm cheana i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2207 mar a leanas:

‘Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.’

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

([5]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/.

IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe**

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráigeanna	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Aonad réigiúnach Phocis GR-CAPRIPOX-2025-00058 GR-CAPRIPOX-2025-00059 GR-CAPRIPOX-2025-00060 GR-CAPRIPOX-2025-00061	Crios cosanta: Those parts of the regional unit of Phocis contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.39722222, Long. 21.88472222 (2025/00058), Lat. 38.37944444, Long. 21.88916667 (2025/59), Lat. 38.39194444, Long. 21.88555556 (2025/60), Lat. 38.37861111, Long. 21.87972222 (2025/61)	19.5.2025
	Crios faireachais: Those parts of the regional unit of Phocis contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.39722222, Long. 21.88472222 (2025/00058), Lat. 38.37944444, Long. 21.88916667 (2025/59), Lat. 38.39194444, Long. 21.88555556 (2025/60), Lat. 38.37861111, Long. 2 1.87972222 (2025/61) excluding the areas contained in any protection zone	28.5.2025
	Crios faireachais: Those parts of the regional unit of Phocis contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.39722222, Long. 21.88472222 (2025/00058), Lat. 38.37944444, Long. 21.88916667 (2025/59), Lat. 38.39194444, Long. 21.88555556 (2025/60), Lat. 38.37861111, Long. 2 1.87972222 (2025/61)	20.5.2025 - 28.5.2025
Regional unit of Evros Municipality of Samothrace GR-CAPRIPOX-2025-00057	Crios cosanta: Those parts of the Municipality of Samothrace contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 40.478972, Long. 25.664547 (2025/57)	16.5.2025
	Crios faireachais: Those parts of the Municipality of Samothrace contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 40.478972, Long. 25.664547 (2025/57) excluding the areas contained in any protection zone	25.5.2025
	Crios faireachais: Those parts of the Municipality of Samothrace contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 40.478972, Long. 25.664547 (2025/57) excluding the areas contained in any protection zone	17.5.2025 - 25.5.2025

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha ADIS na ráigeanna	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Regional unit of Aetolia-Acarnania GR-CAPRIPOX-2025-00045 GR-CAPRIPOX-2025-00053 GR-CAPRIPOX-2025-00055 GR-CAPRIPOX-2025-00056	Crios faireachais: Those parts of the regional units of Aetolia-Acarnania and Phocis contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.391486, Long. 21.854056 (2025/00045), Lat. 38.39565278, Long. 21.85270278 (2025/53), Lat. 38.40945556, Long. 21.85508889 (2025/55), Lat. 38.42558056, Long. 21.84985 (2025/56) excluding the areas contained in any protection zone	17.5.2025
	Crios faireachais: Those parts of the regional units of Aetolia-Acarnania and Phocis contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.391486, Long. 21.854056 (2025/00045), Lat. 38.39565278, Long. 21.85270278 (2025/53), Lat. 38.40945556, Long. 21.85508889 (2025/55) Lat. 38.42558056, Long. 21.84985 (2025/56)	9.5.2025 – 17.5.2025
Regional unit of Larisa GR-CAPRIPOX-2025-00054	Crios faireachais: Those parts of the regional unit of Larisa and Pieria contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 39.9135346, Long. 22.61496985 (2025/00054) excluding the areas contained in any protection zone	17.5.2025
	Crios faireachais: Those parts of the regional unit of Larisa and Pieria contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 39.9135346, Long. 22.61496985 (2025/00054)	9.5.2025 – 17.5.2025
Regional unit of Chalkidiki GR-CAPRIPOX-2025-00062 GR-CAPRIPOX-2025-00063 GR-CAPRIPOX-2025-00064 GR-CAPRIPOX-2025-00065 GR-CAPRIPOX-2025-00066	Crios cosanta: Those parts of the regional unit of Chalkidiki contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 40.124539, Long. 23.378264 (2025/00062) Lat. 40.130724. Long.23.344954 (2025/00063), Lat. 40.1153. Long. 23.33861 (2025/00064), Lat. 40.121511, Long. 23.347854 (2025/00065), Lat. 40.125054, Long.23.397489(2025/00066)	25.5.2025
	Crios faireachais: The whole municipality of Kassandra excluding the areas contained in any protection zone	3.6.2025
	Crios faireachais: The whole municipality of Kassandra	26.5.2025 - 3.6.2025

B. **Criosanna srianta breise**

Crios srianta breise	Aonad réigiúnach	Limistéir atá sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Crios srianta breise Uimh. 1	**Regional unit of Evros**	The regional unit of Evros excluding the municipality of Samothrace	8.5.2025 – 6.6.2025
Crios srianta breise Uimh. 2	**Regional unit of Rhodopi**	The regional unit of Rhodopi	8.5.2025 – 6.6.2025
Crios srianta breise Uimh. 3	**Regional unit of Kavala**	The regional unit of Kavala including the municipality of Thasos	6.6.2025
	Regional unit of Drama	The municipality of Doxato	6.6.2025
	Regional unit of Xanthi	The regional unit of Xanthi	8.5.2025 – 6.6.2025
Crios srianta breise Uimh. 4	**Regional unit of Chalkidiki**	The municipalities of Aristotelis, and Polygyros.	14.4.2025 –3.7.2025
Crios srianta breise Uimh. 4 A	**Regional unit of Chalkidiki**	The whole municipality of Nea Propontida	3.6.2025
		The whole municipality of Kassandra and Nea Propontida	4.6.2025-3.7.2025
Crios srianta breise Uimh. 8	**Regional unit of Magnesia**	The regional unit of Magnesia, excluding the Sporades islands	28.4.2025 – 27.5.2025
	Regional unit of Phthiotis	The municipality of Stylida	28.4.2025 – 27.5.2025
Crios srianta breise Uimh. 9	**Regional unit of Phocis**	The municipality of Dorida excluding the areas included in any protection or surveillance zone	28.5.2025
		The municipality of Dorida	29.5.2025 - 27.6.2025
	Regional unit of Aetolia-Acarnania	The municipalities of Nafpaktia and Messolonghi, excluding the areas included in any protection or surveillance zone	17.5.2025
		The municipalities of Nafpaktia Messolonghi	18.5.2025 - 27.6.2025
Crios srianta breise Uimh. 9A	**Regional unit of Aetolia-Acarnania**	The municipalities of Agrinio Thermo, Agrinio, Xiromero, Thermo	16.6.2025

Crios srianta breise	Aonad réigiúnach	Limistéir atá sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 2	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Crios srianta breise Uimh. 16	**Municipality of Samothrace in the regional unit of Evros**	Municipality of Samothrace, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	25.5.2025
		The municipality of Samothrace	26.5.2025-24.6.2025
Crios srianta breise Uimh. 18	**Regional unit of Thessaloniki**	The municipalities of Volvi and Lagkadas.	14.4.2025 – 13.5.2025
Crios srianta breise Uimh. 19	**Regional unit of Larisa**	The municipalities of Agia and Tempi excluding the areas included in any protection or surveillance zone	17.5.2025
	Regional unit of Larisa	The municipalities of Agia and Tempi	18.5.2025 - 16.6.2025
	Regional unit of Pieria	The municipality of Dion-Olympos excluding the areas included in any protection or surveillance zone	17.5.2025
	Regional unit of Pieria	The municipality of Dion-Olympos	18.5.2025 - 16.6.2025